

Ríocht na Beilge

SEIRBHÍS PHOIBLÍ FEIDEARÁLACH DON TSLÁINTE PHOIBLÍ, DO SHÁBHÁILTEACHT AN BHIASHLABHRA AGUS DON CHOMHSHAOL

Foraithne Ríoga maidir le fógraíocht deochanna ina bhfuil alcól

PHILIPPE, Rí na mBeilgeach,

Dóibh siúd uilig atá i láthair agus atá le teacht, Beannachtaí.

Ag féachaint do Dhlí an 24 Eanáir 1977 maidir le sláinte tomhaltóirí a chosaint i ndáil le hearraí bia agus táirgí eile, Airteagal 7, § 2;

Ag féachaint don tuairim ón gCigireacht Airgeadais arna heisiúint an XXX;

Ag féachaint do thuairim XX ón gComhairle Stáit, arna eisiúint an XXX, de bhun Airteagal 84, § 1(1)(2), de na Gníomhartha maidir le Comhairle Stáit, arna chomhdhlúthú an 12 Eanáir 1973;

Tar éis dóibh an Straitéis Idirfheidearálach maidir le hÚsáid Dhíobhálach Alcóil 2023-2025 an 29 Márta 2023 a mheas;

Ar thogra ón Aire Sláinte Poiblí,

D'FHORAITHIN MÉ AGUS FORAITHNÍM LEIS SEO:

Airteagal 1. Chun an Fhóraithne seo a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. Fógraíocht: aon chumarsáid, beag beann ar an suíomh, na modhanna nó na teicnící a úsáidtear, agus é mar aidhm dhíreach nó indíreach feasacht branda a chur chun cinn nó deochanna ina bhfuil alcól a dhíol. Chun críocha na Foraithe seo, measfar gur fógraíocht é marc nó lógó a ghreamú freisin.

2. Deochanna ina bhfuil alcól: deochanna a bhfuil céatadán alcóil os cionn 0.5 faoin gcéad (%) de réir toirte acu.

Airteagal 2. Tá cosc ar gach fógraíocht ar dheochanna ina bhfuil alcól le linn na tréimhse a mhaireann ó 5 nóiméad roimh suas le 5 nóiméad tar éis clár atá dírithe go príomha ar mhionlucht féachana.

Airteagal 3. Tá cosc ar gach fógraíocht ar dheochanna ina bhfuil alcól i nuachtáin agus i dtréimhseacháin atá dírithe go príomha ar lucht féachana mionaoiseach.

Airteagal. 4 Tá cosc ar gach fógraíocht ar dheochanna ina bhfuil alcól nuair a chraoltar scannán atá dírithe go príomha ar lucht féachana mionaoiseach i bpictiúrlann.

Airteagal. 5 Tá cosc ar gach fógraíocht ar dheochanna ina bhfuil alcól ar na meáin dhigiteacha atá dírithe go príomha ar lucht féachana mionaoiseach.

Airteagal. 6 Tá toirmeasc ar dheochanna ina bhfuil alcól a thairiscint saor in aisce mar chuid d'fheachtas fógraíochta, ach amháin nuair a cheannaíonn an tomhaltóir deoch ina bhfuil alcól agus mar chuid de bhlaiseadh.

Airteagal. 7 Beidh teachtaireacht faisnéise sláinte i ngach fógraíocht ar dheochanna ina bhfuil alcól, agus leagfaidh an tAire síos a bhfuil iontu agus a fhoirm.

Ní fhéadfar ach teachtaireachtaí faisnéise sláinte a leagfaidh an tAire síos a lua ar fhógraí; tá cosc ar aon teachtaireacht sláinte eile, mana oideachais nó foclaíocht eile.

Airteagal. 8 Déanfar sárúithe ar an bhForaithne seo a imscrúdú, a thaifeadadh, a ionchúiseamh agus a phionósú i gcomhréir le hAirteagail 11 go 19 de Dhlí an 24 Eanáir 1977 maidir le sláinte tomhaltóirí a chosaint i leith earraí bia agus táirgí eile.